

Réimsí Foghlama eile

I rith na sraithe sóisearaí, beidh do pháiste ag gabháil do réimsí foghlama eile amhail gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, spóirt, tréadacha, eolaíochta, fiontraíochta agus eile.

Athrú ar an gcur chuige i leith an Mheasúnaithe

Is i réimse an mheasúnaithe atá an t-athrú is suntasaí sa tSraith Shóisearach nua.

De bharr déchuir chuige i leith an mheasúnaithe, ina bhfuil measúnú rangbhunaithe thar na trí bliana agus scrúdú stát-teistithe a mheastar go seachtach is féidir an chothromaíocht chuif a aimsiú idir scoláirí a ullmhú le haghaidh scrúduithe agus smaointeoireacht chruthaitheach, foghlaim tharraingteach agus torthaí níos fearr do scoláirí a éascú.

Aithneofar sa chur chuige seo na cineálacha difriúla foghlama a tharlaíonn i scoileanna agus cuirfear luach orthu agus cruthófar deis do mheasúnú níos cruinne ar ghnóthachtálacha oideachasúla gach duine óig.

Déanfaidh scoláirí Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) i ngach ábhar agus gearrchúrsa. Tá MRBanna ceaptha chun deiseanna a chruthú do scoláirí a gcuid foghlama a léiriú i réimsí ata deacair a mheas i scrúdú le peann agus páipéar a bhfuil teorainn ama leis. Mar shampla, is tasc cumarsáide ó bhéal é an chéad MRB sa Bhéarla, a tharlaíonn le linn an 2ú bliain. Tugann sé an deis do scoláirí taighde a dhéanamh ina rogha réimse agus a gcuid torthaí a chur in iúl trí fhormaidí cumarsáide éagsúla.

Tasc Measúnaithe (TM)

Is measúnú scríofa é seo a éilíonn machnamh ó scoláirí ar na scoileanna, ar an eolas agus ar an tuiscint a d'fhorbair siad agus iad i mbun an dara Measúnú Rangbhunaithe. Is le linn am ranga agus faoi mhaoirseacht mhúinteora a dhéanfar an tasc measúnaithe agus is thar dhá thréimhse ranga a dhéanfar é.

Scrúdú Stát-teistithe

Ag deireadh an tríú bliain, tabharfaidh scoláirí faoi scrúdú i ngach ábhar (nach mairfidh níos faide ná dhá uair a' chloig), a shocrófar go seachtach agus a bheid á cheartú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Cén chuma a bheidh ar an tuairisciú?

Le linn na dtrí bliana den tsraith shóisearach, beidh sé fíorriachtanach aiseolas ó bhéal agus scríofa a thabhairt do thuismitheoirí /chaomhnóirí agus scoláirí chun tacú leis an scoláire tógáil ar láidreachtaí agus aghaidh a thabhairt ar réimsí inar féidir an fhoghlaim a fheabhsú.

Trí mheasúnú rangbhunaithe agus measúnú eile a nascadh le córas nua tuairiscithe, comhlánfar Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, (PGSS), trína thabharfar pictiúr soiléir leathan do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Déanfar taifead sa PGSS ar ghnóthachtálacha an scoláire sna réimsí seo a leanas:

- Scrúduithe stát-teistithe, lena n-áirítear na Tascanna Measúnaithe
- Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)
- Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna), mar is cuí
- Folláine
- Réimsí Foghlama Eile (amhail gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, spóirt, tréadacha, eolaíochta, fiontraíochta agus eile)



Is féidir le tuismitheoirí foghlaim faoin tSraith Shóisearach freisin ón dá shuíomh gréasáin seo a leanas:

www.curriculumonline.ie - le haghaidh sonraíochtaí ábhar agus gearrchúrsaí agus le haghaidh eolais i dtaca le measúnú.

Bunaíodh seirbhís nua tacaíochta do scoileanna chun tacú le scoileanna a gclár don tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm. Is féidir dul ar www.jct.ie chun eolas a fháil ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí agus eolas ginearálta ar an tsraith shóisearach nua.

 Lean sinn ar Twitter @JCforTeachers

Eolas ar an tSraith Shóisearach do Thuismitheoirí Scoláirí Bunscoile

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers



An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

An tSraith Shóisearach agus do Pháiste

Cuireann oideachas na sraithe sóisearaí scoláirí i gceartlár an eispéiris oideachasúil, ag cur ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcomhphobail agus sa tsochaí, agus a bheith ina bhfoghlaiméoirí seiftiúla muineacha i ngach gné agus ag gach céim dá saol.

Tá an domhan ag athrú ar luas lasrach agus ní mór an curaclam a chur in oiriúint chun páistí a ullmhú ar an gcaoi is fearr dá dtodhchaí agus chun a gcumas a fhorbairt le tabhairt faoi na dúshláin seo.

D'fhreagair an Roinn Oideachais agus Scileanna d'arratais ó scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar athrú agus tá curaclam cruthaithe aici a chuireann an scoláire ina cheartlár.

An chuma a bhíonn ar rang de chuid na Sraithe Sóisearaí

Is é a dhéanfaidh scoláirí:

- beidh siad níos gníomhaí agus iad ag plé lena gcuid foghlama agus glacfaidh siad úinéireacht uirthi, m.sh. trí thascanna teanga ó bhéal, staidéir allamuigh agus taibhithe ealaíne
- pléfidh siad le meáin dhigiteacha chun a gcuid foghlama a fheabhsú
- pléfidh siad leis na 8 bPríomhscil, m.sh. fadhbanna a réiteach agus smaoinemh go cruthaitheach.



Chun breathnú ar sheomra ranga de chuid na Sraithe Sóisearaí faoi lán seoil téigh chuig <http://bit.ly/2m3xGjC>.

An rud a fhoghlaiméidh scoláirí

Le linn na sraithe sóisearaí, foghlaiméidh scoláire trí:

- Roinnt ábhar nó trí mheascán **d'ábhair** agus de **ghearrchúrsaí**
- Réimse foghlama ar a dtugtar **Folláine**
- **Aonaid Tosaíochta Foghlama** (ATFanna); beidh siad seo san áireamh i gclár foghlama leibhéal a dó a sholáthrófar do líon beag scoláirí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu.
- Eispéiris foghlama eile

Ábhair

Tá ról tábhachtach fós ag ábhair mar chuid de chlár na sraithe sóisearaí nua. Déanfaidh mórchuid na scoláirí staidéar ar idir ocht agus deich n-ábhar, nó a gcómhaith.

Is trí shonraíochtaí nua a phléfidh scoláire a théann isteach sa chéad bhliain le habhair uile na Sraithe Sóisearaí

Béarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Gaeilge, Amharc-Ealaín, Nuatheangacha lasachta, Matamaitic, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile, Stair, Tíreolaíocht, An Léann Clasaiceach, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Oideachas Reiligiúnach, Grafaic, Staidéar Giúdach, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Gearrchúrsaí (roghnach).

Gearrchúrsaí


Féadfaidh scoileanna freisin an deis a thairiscint do scoláirí roinnt bheag **Gearrchúrsaí** a dhéanamh.

Is é an príomhchuspóir atá le gearrchúrsaí níos mó solúbthachta a thabhairt do scoileanna leis an gclár a thabharfaidh siad sa tsraith shóisearach. Trí ghearrchúrsaí a chur isteach ina gclár don tsraith shóisearach beidh deis freisin ag scoileanna an rogha eispéiris foghlama do scoláirí a leathnú, freastal ar a n-ábhair spéise agus réimsí foghlama a thabhairt isteach nach gclúdaítear sa mheascán ábhair churaclaim a bhíonn ar fáil sa scoil.

Féadfaidh scoileanna gearrchúrsaí a thairiscint i gCódú, an tSínis agus Cultúr na Sine, Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, Taibhiú Ealaíne, Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), Corpoideachas (CO) agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS).

Tá trí ghearrchúrsaí Leibhéal 2 ar fáil, Eolaíocht Fhóiréinseach a Fhiosrú, Fiontraíocht i mBeochan agus Tionscadal Pearsanta: Aire a thabhairt d'Ainmhithe.

Seachas sin, is féidir le scoileanna a nGearrchúrsa féin a fhorbairt de réir treoirínte náisiúnta.



Folláine

Mar chuid den tSraith Shóisearach nua beidh scoláirí ag plé le réimse nua foghlama darb ainm Folláine. Tógfaidh sé seo ar an obair atá ar siúl ag scoileanna cheana chun tacú le folláine scoláirí agus déanfaidh sé níos feiceálaí do scoláirí í.

Tríd an gclár Folláine gheobhaidh scoláirí an t-eolas, na dearcaí agus na scileanna a chuirfidh ar a gcumas a bhfolláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn.

Is iad na ceithre príomhchuid atá i gclár na Folláine: Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Corpoideachas (CO) agus Oideachas Treorach.

Clár Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Don chéad uair i stair an oideachais in Éirinn, tá conair sa tSraith Shóisearach do scoláirí a bhfuil míchumais foghlama ghinearálta acu atá íseal meánach agus trom / dian. Is féidir le scoláirí atá ag dul de na Clár Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna) tabhairt faoi suas le sé hAonad Tosaíochta Foghlama agus dhá ghearrchúrsa. Bíonn an t-ábhar agus na heispéiris foghlama bunaithe ar "riachtanais tosaíochta foghlama" an scoláire.

Dearadh na Clár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna) le haghaidh scoláirí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta acu sa réimse íseal éadrom go hard meánach. Tá na CFL2nna comhdhéanta de chúig Aonad Tosaíochta Foghlama agus dhá ghearrchúrsa. Is féidir le scoláirí tabhairt faoi ábhair agus faoi ghearrchúrsaí eile mar is cuí.

Déantar an foghlaim uile a thaifeadadh ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Cinntíonn sé sin go bhfaigheann gach scoláire in aois iar-bhunscoile gradam don tSraith Shóisearach.

Is féidir na CFL1anna agus na CFL2nna a thairiscint i scoileanna speisialta agus i suíomhanna iar-bhunscoile príomhshrutha araon.